RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1312 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Meitheamh 2023

lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lomáin darach a bhfuil an choirt orthu de thionscnamh na Stát Aontaithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 ó agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 52 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun cosc a chur ar *Bretziella fagacearum* (Bretz) Z.W. de Beer, Marincowitz, T.A. Duong & M.J. Wingfield, *comb. nov.*, an phataigin is cúis le sleabhcadh darach ('an lotnaid shonraithe'), a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, ní fhéadfar lomáin adhmaid darach (*Quercus* L.), de thionscnamh na Stát Aontaithe, a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais speisialta phointe 90 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Bunaíodh na ceanglais chéanna maidir le lomáin darach a bhfuil an choirt orthu a thabhairt isteach ó na Stáit Aontaithe i gCuid A, Roinn 1, pointe 3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2000/29/CE ón gComhairle ([4]), ar Treoir í a aisghaireadh le Rialachán (AE) 2016/2031. Le Cinneadh 2005/359/CE ón gCoimisiún ([5]) údaraíodh do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar na ceanglais sin i ndáil leis an adhmad sonraithe faoi choinníollacha sonracha, sular imigh an Cinneadh sin in éag an 31 Nollaig 2020.

(3) Sna coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh 2005/359/CE áirítear toitriú an adhmaid shonraithe leis an tsubstaint brómaimeatán (ar a dtugtar 'bróimíd mheitile' freisin), ar substaint í a bhfuil a húsáid srianta faoi Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin ([6]), prótacal a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann. Dá bhrí sin, cinneadh gan síneadh ama a chur leis an maolú a leagtar síos sa Chinneadh sin.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([4]) Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánaigh a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leata sa Chomhphobal (IO L 169, 10.7.2000, lch. 1).

([5]) Cinneadh 2005/359/CE ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2005 lena ndéantar foráil maidir le maolú ar forálacha áirithe de Threoir 2000/29/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lomáin darach (*Quercus* L.) a bhfuil an choirt orthu, de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 114, 4.5.2005, lch. 14).

([6]) IO L 297, 31.10.1988, lch. 21.

(4) I mí an Mhárta 2020 chuir na Stáit Aontaithe sainchomhad isteach ina raibh faisnéis theicniúil agus eolaíoch maidir le cóireáil mhalartach arb í atá ann cur chuige córas nach bhfuil toitriú le brómaimeatán mar chuid de.

(5) Sa chur chuige córas áirítear baint an adhmaid faoi dhálaí roghnaitheacha agus faoi mhaoirseacht foraoiseora deimhnithe, a aistriú i gcoimeádáin dhúnta ón gclós lomán onnmhairithe go dtí láthair an toitrithe, agus a thoitriú le fluairíd sulfairile ag oibreoirí ceadúnaithe.

(6) Thairis sin, sa chur chuige córas sin áirítear freisin coinníollacha sonracha maidir le díluchtú agus próiseáil an adhmaid shonraithe go sábháilte tar éis a thabhairt isteach san Aontas, chun an leibhéal cosanta físeashláintíochta is airde is féidir a áirithiú do chríoch an Aontais ón lotnaid shonraithe.

(7) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar na rialuithe oifigiúla ar bhealach éifeachtúil agus go ndéanfar rialú cuí ar na rioscaí, is gá na rialuithe oifigiúla a dhéanamh ina n-iomláine nó i bpáirt ag an láthair stórála seachas ag post rialaithe teorann.

(8) Chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht iomchuí ar an adhmad sonraithe, stóráiltear é i láithreacha a d'ainmnigh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann mar lárionaid rialaithe i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún ([7]) agus a bhfuil saoráidí stórála fliucha iomchuí ar fáil iontu. Chun cosc a chur ar leathadh na lotnaide sonraithe tar éis an t-adhmad sonraithe a dhíluchtú ó na coimeádáin ag an lárionad rialaithe ainmnithe, déantar an t-adhmad sonraithe a phróiseáil láithreach nó cuirtear i stóráil fhliuch leanúnach é go dtí go bpróiseáiltear é.

(9) Maíonn na Stáit Aontaithe go dtugann na bearta a thuairiscítear ina sainchomhad an leibhéal céanna cosanta do chríoch an Aontais i gcoinne lotnaidí coraintín a thabhairt isteach agus a thugann ceanglais shonracha phointe 90 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le lomáin darach de thionscnamh na Stát Aontaithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.

(10) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia meastóireacht ar an sainchomhad agus phléigh saineolaithe ó na Ballstáit é. Thángthas ar an gconclúid ([8]) gur féidir cur chuige córas a bhunú lenar féidir an riosca go dtabharfaí an lotnaid shonraithe isteach i gcríoch an Aontais a dhíothú go héifeachtach, d'ainneoin na neamhchinnteachtaí luaite a bhaineann le héifeachtúlacht fluairíde sulfairile maidir leis an lotnaid shonraithe.

(11) Chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla rialú tráthúil ar an adhmad sonraithe, ba cheart don allmhaireoir, sula ndéantar an t-allmhairiú, fógra a thabhairt faoi gach coinsíneacht den adhmad sonraithe in am trátha roimh ré d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an chéad áit stórála bheartaithe, san fhormáid a leagtar síos in Airteagal 40(1), pointe (c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún ([9]).

(12) Agus é á chur san áireamh gur féidir cur chuige córas a bhunú lenar féidir an riosca go dtabharfaí an lotnaid shonraithe isteach i gcríoch an Aontais a dhíothú go héifeachtach, ba cheart cead a thabhairt an t-adhmad sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, faoi cheanglais áirithe. Ós rud é go dtugtar aghaidh leis an Rialachán seo ar riosca físeashláintíochta ar leith nach bhfuil measúnú iomlán déanta air go fóill, is de chineál sealadach a bheidh a cheanglais, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

---

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag lárionaid rialaithe agus na cásanna ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcéin ó phoist rialaithe teorann, agus na coinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh (IO L 321, 12.12.2019, lch. 64).

([8]) *Commodity risk assessment of oak logs with bark from the US for the oak wilt pathogen* Bretziella fagacearum *under an integrated systems approach* [Measúnú riosca tráchtearraí ar lomáin darach a bhfuil an choirt orthu maidir le pataigin an tsleabhctha darach *Bretziella fagacearum* faoi chur chuige córas comhtháthaithe]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(12):6352. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6352.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna an chórais (Rialachán IMSOC) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo leagtar amach bearta sonracha maidir le hadhmad darach (*Quercus* L.) a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, ar adhmad é a bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn aige go fóill agus an choirt air, de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'an t-adhmad sonraithe' adhmad darach (*Quercus* L.) ar adhmad é a bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn aige go fóill agus an choirt air, atá beartaithe le haghaidh táirgeadh veiníre agus atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá;

(2) ciallaíonn 'an lotnaid shonraithe' an phataigin *Bretziella fagacearum* (Bretz) Z.W. de Beer, Marincowitz, T.A. Duong & M.J. Wingfield, *comb. nov.*

Airteagal 3

Maolú ar Rialachán (AE) 2019/2072

De mhaolú ar na ceanglais a leagtar amach faoi 'Ceanglais speisialta' i bpointe 90 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, féadfar an t-adhmad sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais má tá na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4 agus 5 den Rialachán seo, agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis, comhlíonta.

Airteagal 4

An t-adhmad sonraithe a sheoladh go dtí críoch an Aontais agus a thabhairt isteach inti

1. Ní fhéadfar an t-adhmad sonraithe a sheoladh ach amháin:

(a) ó na Stáit Aontaithe; agus

(b) sa tréimhse ón 15 Deireadh Fómhair go dtí an 10 Aibreán den bhliain dár gcionn.

2. Ní fhéadfar an t-adhmad sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ach amháin:

(a) i rith bhliain an tseolta nó faoin 30 Aibreán den bhliain dár gcionn, más idir an 15 Deireadh Fómhair agus an 31 Nollaig atá dáta an tseolta, nó

(b) faoin 30 Aibreán de bhliain an tseolta, más idir an 1 Eanáir agus an 10 Aibreán atá dáta an tseolta.

Airteagal 5

Deimhniú físeashláintíochta

Beidh deimhniú físeashláintíochta ag gabháil leis an adhmad sonraithe agus beidh na gnéithe seo a leanas luaite sa deimhniú sin:

(a) faoin gceannteideal 'Áit tionscnaimh', ainm agus suíomh na háite inar baineadh an t-adhmad sonraithe;

(b) faoin gceannteideal 'Dearbhú breise', an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht seo na ceanglais de chuid an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1312 ón gCoimisiún'

(c) marc aitheantais na baisce toitrithe dá dtagraítear i bpointe 7 den Iarscríbhinn;

(d) an uimhir nó na huimhreacha a chomhfhreagraíonn do gach lomán den adhmad sonraithe a onnmhairítear;

(e) ainm an oibrí toitrithe cheadúnaithe agus ainm agus suíomh an láithreáin toitrithe.

Airteagal 6

Seiceálaithe doiciméadacha, sainaitheantais agus fisiceacha

1. Ní dhéanfar seiceálacha doiciméadacha ar an adhmad sonraithe ach amháin ag post rialaithe teorann nó ag lárionad rialaithe seachas post rialaithe teorann ar lárionad rialaithe é a ainmníodh le haghaidh chatagóir na n-earraí sa choinsíneacht i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123.

Déanfar seiceálacha sainaitheantais ar an adhmad sonraithe ag na poist rialaithe teorann ina ndearnadh an tseiceáil dhoiciméadach nó ag lárionad rialaithe seachas post rialaithe teorann ar lárionad rialaithe é a ainmníodh le haghaidh chatagóir na n-earraí sa choinsíneacht i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 agus a bhfuil saoráidí stórála fliucha iomchuí ar fáil ann.

2. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad mar chuid de na rialuithe oifigiúla:

(a) scrúdú ar gach deimhniú fíteashláintíochta; agus

(b) seiceáil sainaitheantais arb é a bheidh inti comparáid a dhéanamh idir an mharcáil ar gach lomán agus an líon lomán leis an bhfaisnéis a thugtar sa deimhniú fíteashláintíochta lena mbaineann.

3. I gcás nach ndéantar na seiceálacha sainaitheantais ná fisiceacha dá dtagraítear i mír 1 ag an bpost rialaithe teorann ag an gcalafort a dtugtar an t-adhmad sonraithe isteach i gcríoch an Aontais ann, fanfaidh na lomáin den adhmad sonraithe sna coimeádáin mhuirí agus fanfaidh na coimeádáin dúnta agus faoi mhaoirseacht custaim go ndéanfar na seiceálacha sin.

Airteagal 7

Stóráil

1. Tar éis na lomáin den adhmad sonraithe a dhíluchtú, ní fhéadfar iad a stóráil ach amháin ag pointí rialaithe teorann nó i láithreacha a ainmníodh mar lárionaid rialaithe i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, ar láithreacha iad a bhfuil saoráidí stórála fliucha iomchuí ar fáil iontu agus ar fhormheas an t-údarás inniúil ábhartha iad chun na críche sin, go dtí go ndéanfar an phróiseáil.

2. Tar éis na lomáin den adhmad sonraithe a dhíluchtú ag na láithreacha dá dtagraítear i mír 1, déanfar iad a phróiseáil láithreach nó cuirfear i stóráil fhliuch leanúnach iad go dtí go bpróiseálfar iad.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil seiceálacha fisiceacha chun a dheimhniú go bhfuil na dálaí stórála i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Airteagal 8

Próiseáil

1. Ní fhéadfar na lomáin den adhmad sonraithe a phróiseáil ach amháin i láithreacha a d'údaraigh na húdaráis inniúla le haghaidh na críche sin, ar láithreacha iad arb éard is féidir a bheith i gceist leo:

(a) an chéad láthair stórála, díreach tar éis iad a thabhairt isteach san Aontas; nó

(b) saoráidí eile ag pointe níos déanaí.

2. Sula ndéanfar próiseáil bhreise ar na lomáin den adhmad sonraithe, déanfar cóireáil uisce te orthu, faoi dhálaí atá oiriúnach d'adhmad atá beartaithe le haghaidh táirgeadh veiníre.

3. Aon choirt nó dramhaíl eile a ghinfear as díluchtú agus próiseáil na lomán den adhmad sonraithe, scriosfar láithreach í *in situ* trí loscadh dramhaíola.

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil seiceálacha fisiceacha chun a dheimhniú go bhfuil na dálaí próiseála, agus na dálaí maidir le cóireáil dramhaíola ón adhmad sonraithe i gcomhréir leis an Airteagal seo.

5. Ag eatraimh iomchuí déanfaidh an t-údarás inniúil cigireacht ar aon chlampa darach i bhfoisceacht na láithreach stórála agus próiseála féachaint an bhfuil siomptóim den lotnaid shonraithe air.

Má aimsítear aon siomptóm a bhféadfadh sé gurb í an lotnaid shonraithe ba chúis leo, déanfar tástáil oifigiúil bhreise i gcomhréir leis na modhanna iomchuí chun a dheimhniú an bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair.

Airteagal 9

Fógra a thabhairt faoi choinsíneachtaí

1. Sula ndéanfar an t-allmhairiú, tabharfaidh an t-allmhaireoir fógra faoi gach coinsíneacht den adhmad sonraithe in am trátha roimh ré d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an chéad áit stórála tar éis an choinsíneacht a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, san fhormáid a leagtar síos in Airteagal 40(1), pointe (c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún.

2. Cuirfidh an t-allmhaireoir an fhaisnéis seo a leanas san fhógra faoin allmhairiú beartaithe maidir le gach coinsíneacht:

(a) an líon lomán;

(b) an calafort luchtaithe;

(c) an calafort nó na calafoirt díluchtaithe;

(d) an láthair nó na láithreacha stórála;

(e) an láthair nó na láithreacha ina ndéanfar an phróiseáil.

3. I gcás ina dtugann allmhaireoir fógra faoi allmhairiú beartaithe coinsíneacht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, cuirfidh an t-údarás inniúil an t-allmhaireoir ar an eolas, sula ndéanfar an t-allmhairiú, maidir leis na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagail 3 go 9.

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm agus tréimhse chur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Coinníollacha maidir le toitriú agus sainaithint ghaolmhar an adhmaid shonraithe sna stáit aontaithe dá dtagraítear in airteagal 3

Ní fhéadfar an t-adhmad sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ach amháin nuair a bheidh deimhnithe ag na húdaráis inniúla i leith an deimhnithe fíteashláintíochta arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 5 go bhfuil na coinníollacha seo a leanas uile comhlíonta ag an adhmad sonraithe maidir lena bhaint, a thoitriú agus a shainaithint sna Stáit Aontaithe:

(1) Baineadh an t-adhmad sonraithe i láithreacha táirgthe arb eol nach dtagann an lotnaid shonraithe chun cinn iontu, agus rinneadh plandaí an adhmaid shonraithe a roghnú agus a bhaint faoi mhaoirseacht foraoiseora atá deimhnithe ag *Association of American Foresters* [Comhlachas na bhForaoiseoirí Meiriceánacha].

(2) Cuireadh gach lomán ón gcoinsíneacht faoi scrúdú amhairc agus fuarthas go raibh sé saor ó shiomptóim na lotnaide sonraithe. Tar éis an t-adhmad sonraithe a bhaint agus a aistriú go dtí clós lomán onnmhairithe, cuireadh i gcoimeádáin mhuirí é, áit ar fhan sé ar feadh na gcéimeanna a rinneadh ina dhiaidh sin maidir le haistriú, stóráil, toitriú agus seoladh.

(3) Cuireadh na lomáin sna coimeádáin mhuirí ar bhealach agus ar dhlús lena n-áiritheofaí go scaipfeadh gás trí na lomáin go éifeachtach.

(4) Le haghaidh an toitrithe, carnadh na coimeádáin ar dhromchla neamh-thréscaoilteach faoi chlúdach gásdíonach.

(5) Rinneadh toitriú ar na lomáin le fluairíd sulfairile, ar toitriú é a dhéantar ar mheánráta 240 g/m³ den toirt iomlán sna coimeádáin, ar feadh 72 uair an chloig agus na lomáin ag íosteocht 15,6 °C. Chuige sin, cuireadh fluairíd sulfairile leis na coimeádáin ag ráta dáileoige 240 g/m³ i dtús na cóireála.

Ag 30 nóiméad agus ag 2, 24, 48 agus 72 uair an chloig tar éis thús na cóireála, cuireadh isteach tuilleadh fluairíd sulfairile chun an tiúchan a ardú go dtí 280 g/m³. Tar éis 72 uair an chloig, leanadh leis an gcóireáil ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad, agus ligeadh don fhluairíd sulfairile cothromú go dtí íosleibhéal 200 g/m³ ag deireadh na cóireála.

Mar thoradh ar an toitriú fuarthas dáileog carntha fluairíde sulfairile de 22 500 g*h/m³.

(6) Na nósanna imeachta toitrithe, mar a thuairiscítear i bpointí 3, 4 agus 5, is oibrithe toitrithe atá ceadúnaithe go hoifigiúil agus baill foirne cáilithe a rinne iad, agus úsáid á baint acu as saoráidí toitrithe cuí chun na caighdeáin riachtanacha a bhaint amach agus na tosca ábhartha uile á gcur san áireamh acu mar is cuí, amhail dlús agus cion taise an adhmaid, nó dlús an ualaigh sa choimeádán.

Cuireadh an Coimisiún ar an eolas maidir le liosta na n-oibrithe toitrithe ceadúnaithe agus a n-athruithe, agus ní dhearna an Coimisiún aon agóid maidir le páirt a bheith á glacadh ag an oibrí toitrithe.

(7) Cuireadh marc aitheantais na baisce toitrithe (uimhreacha agus/nó litreacha) ar bhealach neamh-inbhainte ar bhonn gach lomáin sa charn a cuireadh faoi thoitriú. Forchoimeádadh marc aitheantais na baisce toitrithe don seoltóir. Níor úsáideadh é le haghaidh lomáin ó bhaisceanna eile. Choinnigh na hoibrithe toitrithe ceadúnaithe taifid ar na marcanna aitheantais.

(8) An nós imeachta toitrithe ar leith, lena n-áirítear an mharcáil dá dtagraítear i bpointe 7, rinneadh maoirseacht chórasach air ag na láithreáin toitrithe, agus is iad oifigigh ón eagraíocht cosanta plandaí oifigiúil a rinne an mhaoirseacht go díreach nó údarás inniúil tarmligthe a rinne í ar bhealach lena ráthófaí comhlíontacht phointí 3, 4, 5, 6 agus 7.

(9) Tar éis an toitrithe, rinneadh na lomáin den adhmad sonraithe a aistriú agus a stóráil i gcoimeádáin dhúnta.

(10) Tá faisnéis ar fáil lena n-áirithítear an inrianaitheacht i ndáil leis na láithreacha táirgthe dá dtagraítear i bpointe (1) agus na hoibrithe toitrithe atá ceadúnaithe go hoifigiúil dá dtagraítear i bpointe (6).